Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 23

# An Coimisiún Toghcháin

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún Toghcháin, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa do Vóta 23 a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas atá faoi iamh ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar speansais an Choimisiúin Toghcháin.

Déantar an t-olltoradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna a cheadaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana.

Dlitear barrachas €2.677 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi bheartais agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

***Bunú an Vóta***

Bunaíodh Vóta 23 le haghaidh an Choimisiúin Toghcháin ar an 1 Márta 2023.

## Báiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na gnáthbheartais agus prionsabail chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile i bhfeidhm, mar a leagtar amach i gciorclán 22 de 2023 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe nuair a bhí an cuntas á ullmhú.

Measadh saolréanna ionchais agus na rátaí amúchta lena mbaineann le haghaidh aicmí sócmhainní doláimhsithe mar seo a leanas.

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré ionchais* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | Téarma ceadúnais 2–10 mbliana | 50%-10% |
| Bogearraí forbartha | 10 mbliana | 10% |

## Báiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm chun a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Údarás.

Rinneadh an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Phríomhfheidhmeannach. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi shíor-athbhreithniú.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Vóta 34) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna don Choimisiún ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a thugtar don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Choimisiún.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Bhí timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a raibh na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Bunaíodh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i mí Dheireadh Fómhair 2023, chun comhairle a chur orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó de réir mar a forbraíodh iad, tá na próisis taifeadta atá fágtha fós á bhforbairt.
- Bhí córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Bhí creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- bhí córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil ann a mbíodh an fhoireann ardbhainistíochta á athbhreithniú.
- rinne an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- bhí córas bainistíochta rioscaí á fheidhmiú taobh istigh den Údarás.
- bhí córais ann a bhí dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- bhí treoirlínte cuí ann faoi rialú infheistíochta chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadail.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Bunaíodh an Coimisiún Toghcháin ar an 9 Feabhra 2023 agus bunaíodh an Vóta ar an 1 Márta 2023. Bunaíodh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus tháinig siad le chéile faoi dhó in 2023. Comhaontaíodh téarmaí tagartha an Choiste agus cuireadh próiseas i bhfeidhm chun feidhm iniúchóireachta inmheánaí a cheapadh. Cuireadh tús leis an bpróiseas sin go luath in 2024. Nuair a bheidh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm, ullmhóidh sí plean iniúchóireachta a ndéanfaidh mise agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú air. Cuirfear nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair i mbronnadh na gconarthaí ar fad agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad. Bhí suim €1.665 milliún san iomlán i gceist leis an gcaiteachas ar earraí agus seirbhísí, costas na foirne a fuarthas ar conradh ina measc, in 2023. Ní raibh aon chonradh neamhiomaíoch ná neamh-chomhlíontach os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) i gceist.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag an oifig seo agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is bhíonn siad. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach ráithe. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus faoi na comhaltaí foirne sonracha atá freagrach as na rialuithe a oibriú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla á mbunú le haghaidh phróisis na monatóireachta ar rialuithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don Fhoireann Bainistíochta agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil. Sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh sainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Cuireann an lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Choimisiún atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais, agus cuirfidh obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha bonn eolais faoi ó 2024 ar aghaidh.

***Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais in 2023 a raibh, nó a bhféadfadh go mbeadh, caillteanas ábhartha mar thoradh orthu.

**Art O'Leary**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún Toghcháin

27 Márta 2024

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 23 An Coimisiún Toghcháin

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 23 – An Coimisiún Toghcháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 23 An Coimisiún Toghcháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bunús leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an gCoimisiún Toghcháin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Lúnasa 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 23 An Coimisiún Toghcháin

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | 2023 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Olltoradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | |
| A | An Coimisiún Toghcháin | 5,734 | 3,059 |
| **Ollchaiteachas** | | **5,734** | **3,059** |
| | *Asbhaint* | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **53** | **56** |
| **Glanchaiteachas** | | **5,681** | **3,003** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2023 |
|---|---|
| | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,677,331** |

**Art O'Leary**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún Toghcháin

27 Márta 2024

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2023

| | | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 43 |
| Pá | | 1,326 |
| Neamhphá | | 1,690 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,059** |
| *Asbhaint* | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **(56)** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,003** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil (nóta 2.1)** | | |
| Ceannacháin | (12) | |
| Dímheas | 1 | |
| | | (11) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (9) | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 46 | |
| | | 37 |
| **Caiteachas díreach** | | **3,029** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 149 |
| **Glanchostas cláir** | | **3,178** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 23 a íocadh as cistí eile.

| | | 2023 |
|---|---|---|
| | | €000 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 116 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 33 |
| | | **149** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 |
|---|---|---|
| | | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 11 |
| Sócmhainní doláimhsithe | | — |
| **Sócmhainní seasta iomlána** | | **11** |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Banc agus airgead | 2.2 | 62 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 9 |
| Iarmhéid dochair eile | 2.4 | 13 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **84** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.5 | 46 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 66 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 9 |
| **Iomlán dliteanas reatha** | | **121** |
| **Glansócmhainní reatha** | | (37) |
| **Glansócmhainní** | | **(26)** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.8 | **(26)** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | — | — |
| Breiseanna | 12 | 12 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 12 | 12 |
| **Dímheas carnach** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | — | — |
| Dímheas don bhliain | 1 | 1 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 1 | 1 |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **11** | **11** |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | — | — |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2023 |
|---|---|
| | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 62 |
| | **62** |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2023 |
|---|---|
| | €000 |
| Tacaíocht bogearraí | 1 |
| Riarachán | 8 |
| | **9** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023 |
|---|---|
| | €000 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 13 |
| | **13** |

## 2.5 Speansais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2023<br>€000 |
|---|---|
| Speansais riaracháin | 14 |
| TFC agus teileachumarsáid | 18 |
| Dlite in aghaidh seirbhísí | 14 |
| | **46** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023<br>€000 |
|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | |
| Cáin ioncaim | 32 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 17 |
| Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla | 4 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 7 |
| | 60 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil i bhfionraí | 6 |
| | **66** |

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2023<br>€000 |
|---|---|
| Barrachas le géilleadh | 2,678 |
| Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe | 2,669 |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **9** |
| **Léirithe ag:** | |
| **Féichiúnaithe** | |
| Banc agus airgead | 62 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 13 |
| | 75 |
| **Creidiúnaithe** | |
| Dlite don Stát | (60) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (6) |
| | (66) |
| | **9** |

## 2.8 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | — |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 5,681 | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | 2,678 | |
| Glanvóta | | | 3,003 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 149 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (3,178) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **(26)** |

## 2.9 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** amhail an 31 Nollaig | **2023** **€000** |
|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **1,934** |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

| | | 2023 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Olltoradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 2,109 | 1,326 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 90 | 25 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 310 | 140 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 65 | 7 |
| v | Taighde, oideachas agus rannpháirtíocht an phobail | 800 | 253 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 630 | 239 |
| vi | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 675 | 80 |
| vii | Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile | 890 | 44 |
| viii | Feidhm reifreann | 10 | 902 |
| | | **5,579** | **3,016** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pánna agus liúntais**

*Soláthar sna meastacháin: €2.109 milliún; Olltoradh: €1.326 milliún*

Bhí an caiteachas €783,000 níos ísle ná an meastachán. Bunaíodh an Coimisiún Toghcháin ar an 9 Feabhra 2023. Cuireadh tús le hacmhainneacht agus cumas a fhorbairt i ndiaidh a bhunaithe agus tar éis tús a chur le hearcú foirne. D'fhoráil an meastachán bunaidh le haghaidh thart ar 31 coibhéis lánaimseartha, agus bhí 20 coibhéis lánaimseartha ar phárolla an Choimisiúin ar an 31 Nollaig 2023. Bhí dátaí tosaithe sceidealaithe ag cúigear eile le haghaidh mhí Eanáir agus tá feachtais earcaíochta eile ar siúl.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar sna meastacháin: €310,000; olltoradh: €140,000*

Bhí an caiteachas €170,000 níos ísle ná an meastachán. De bharr gur bunaíodh an Coimisiún i rith na bliana, agus mar gheall ar na feachtais earcaíochta ina dhiaidh sin, níor tharla bliain iomlán oiliúna agus forbartha. Meastar go n-athróidh sé sin in 2024 agus ina dhiaidh sin.

**v Taighde, oideachas agus rannpháirtíocht an phobail**

*Soláthar sna meastacháin: €800,000; olltoradh: €253,000*

Bhí an caiteachas €547,000 níos ísle ná an meastachán toisc nár foilsíodh an dréachtchlár taighde go dtí mí na Samhna 2023, agus nár cuireadh tús le hobair ar chlár rannpháirtíochta an phobail agus ar an gclár oideachais ach i dtreo dheireadh 2023.

**vi Speansais áitreabh oifige**

*Soláthar sna meastacháin: €630,000; olltoradh: €239,000*

Bhí an caiteachas €391,000 níos ísle ná an meastachán toisc gur eagraigh Oifig na nOibreacha Poiblí áitreabh oifige buan don Choimisiún agus gur cuireadh ar fáil é ar an 22 Nollaig 2023. Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí cóiríocht shealadach ar fáil don Choimisiún i rith 2023 gan aon chostas a ghearradh air. Dá bhrí sin, ní raibh aon chostas oibríochta leanúnach ar nós fóntas ag an gCoimisiún in 2023. D'fhoráil an caiteachas a tabhaíodh in 2023 le haghaidh chostais feistithe na cóiríochta buaine.

**vi Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar sna meastacháin: €675,000; olltoradh: €80,000*

Bhí an caiteachas €595,000 níos ísle ná an meastachán toisc nár tháinig costais trealaimh agus bonneagair TFC chun cinn in 2023 mar nach raibh an t-áitreabh ar fáil go dtí deireadh mhí na Nollag 2023.

**vii Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile**

*Soláthar sna meastacháin: €890,000; olltoradh: €44,000*

Bhí an caiteachas €846,000 níos ísle ná an meastachán mar gur fhoráil an meastachán le haghaidh costais dlí i dtaobh timpeallacht rialála. Níor cuireadh tús leis na codanna sin den Acht um Athchóiriú Toghcháin agus níor tháinig na costais dlí sin chun cinn.

**viii Feidhm reifreann**

*Soláthar sna meastacháin: €10,000; olltoradh: €902,000*

Bhí an caiteachas €892,000 níos airde ná an meastachán. Leithdháileadh an soláthar sna meastacháin chun leithdháileadh buiséid breise a éascú de réir mar ba ghá. Fógraíodh reifrinn i mí an Mhárta 2023 a bhí le reáchtáil i bhfómhar 2023 ar dtús, agus cuireadh tús le hobair ullmhúcháin d'fheachtas faisnéise in 2023.

## Clár A - An Coimisiún Toghcháin

| | | 2023 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Olltoradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 2,109 | 1,326 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 3,470 | 1,690 |
| A.3 | An Coimisiún Toghcháin | 155 | 43 |
| | | **5,734** | **3,059** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugtar breac-chuntas sa nóta seo a leanas ar na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha i gcaiteachas neamhriaracháin an chláir (+/- 5% agus €100,000).

**A.3 An Coimisiún Toghcháin**

*Soláthar sna meastacháin: €155,000; toradh: €43,000*

Bhí an caiteachas €112,000 níos ísle ná an meastachán mar, cé go ndearnadh foráil le haghaidh tháillí an Chathaoirligh le haghaidh 2023, ní raibh sé sin ag teastáil go dtí 2024.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2023 | |
|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Fíoraithe** |
| | | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 53 | 56 |
| | | **53** | **56** |

## Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2023** |
|---|---|
| Líon na gcomhaltaí foirne amhail an 31 Nollaig | **20** |

### 5.2 Pá

| | **2023** |
|---|---|
| | **€000** |
| Pá | 1,225 |
| Liúntais eile | 1 |
| Ragobair | 1 |
| ÁSPC fostóra | 99 |
| **Pá iomlán** | **1,326** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon faighteoirí** | **Faighteoirí ar €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair is mó** |
|---|---|---|---|
| | | | **2023** |
| | | | **€** |
| Liúntais eile | 1 | — | 887 |
| Ragobair | 4 | — | 812 |

## 5.4 Foireann an Choimisiúin Toghcháin de réir bandaí pá

Tugtar anseo thíos líon fhostaithe an Choimisiúin a raibh a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais pinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999, agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| **Bandaí pá (€)** | | **Líon fostaithe** |
|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 11 |
| 60,000 | 69,999 | 1 |
| 70,000 | 79,999 | 2 |
| 80,000 | 89,999 | — |
| 90,000 | 99,999 | 1 |
| 100,000 | 109,999 | — |
| 110,000 | 119,999 | 1 |
| 120,000 | 129,999 | 1 |
| 130,000 | 139,999 | — |
| 140,000 | 149,999 | — |
| 150,000 | 159,999 | — |
| 160,000 | 169,999 | — |
| 170,000 | 179,999 | — |
| 180,000 | 189,999 | — |
| 190,000 | 199,999 | — |
| 200,000 | 209,999 | — |
| 210,000 | 219,999 | 1 |

## 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | **2023** |
|---|---|
| | **€000** |
| Buntuarastal | **215** |

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall den scéim aoisliúntais do státseirbhísigh bhunaithe roimh 1995, agus ní dheachaigh na teidlíochtaí le haghaidh sochair scoir níos faide ná téarmaí caighdeánacha na scéime sin.